29. PRÓTACAL MAIDIR LE COMHTHÁTHÚ EACNAMAÍOCH, SÓISIALTA AGUS CRÍOCHACH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG MEABHRÚ DÓIBH go luann Airteagal I-3 den Bhunreacht an cuspóir comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit a chur chun cinn agus go bhfuil an comhtháthú a dúradh ar cheann de na réimsí ina bhfuil inniúlacht arna roinnt san Aontas atá liostaithe in Airteagal I-14(2)(c) den Bhunreacht,

AG MEABHRÚ DÓIBH go soláthraíonn forálacha Roinn 3 de Chaibidil III de Theideal III de Chuid III den Bhunreacht maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach ina n-iomláine bonn dlíthiúil le gníomhaíocht an Aontais sa réimse seo a chomhdhlúthú agus a fhorbairt níos mó, lena n-áirítear ciste a chur ar bun,

AG MEABHRÚ DÓIBH go mbeartaíonn Airteagal III-223 den Bhunreacht Ciste Comhtháthaithe a chur ar bun,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH go bhfuil suimeanna móra, agus iad ag dul i méid, á dtabhairt ar iasacht ag an mBanc Eorpach Infheistíochta chun leas na réigiún is boichte,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH an dúil i mbreis solúbthachta le haghaidh rialacha mionsonraithe um chionrannta ó na cistí strúchtúracha,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH an dúil i leibhéil rannpháirtíocht an Aontais i gcláir agus i dtionscadail i mBallstáit áirithe a mhodhnú,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH an togra ráthúlacht choibhneasta Bhallstát a chur san áireamh níos mó sa chóras acmhainní dílse,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

Airteagal aonair

1. Athdhaingníonn na Ballstáit go bhfuil cur chun cinn an chomhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochaigh sár-riachtanach do lánfhorbairt agus do rath marthanach an Aontais.

2. Athdhaingníonn na Ballstáit a n-áitiús gur chóir go leanfadh na cistí struchtúracha de pháirt thábhachtach a imirt i ngnóthú chuspóirí Aontais i réimse an chomhtháthaithe.

3. Athdhaingníonn na Ballstáit a n-áitiús gur chóir go leanfadh an Banc Eorpach Infheistíochta den chuid is mó dá acmhainní a chur i leith comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chur chun cinn agus dearbhaíonn siad a bhfonnmhaireacht riachtanais chaipitil an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a athbhreithniú a luaithe a bheidh gá leis sin chun na críche sin.

4. Comhaontaíonn na Ballstáit go solathróidh an Ciste Comhtháthaithe ranníocaíochtaí airgeadais Aontais le haghaidh tionscadal i réimsí an chomhshaoil agus na ngréasán traseorpach i mBallstáit ag a bhfuil OTN in aghaidh an duine níos lú ná 90 % den mheán Aontais agus ag a bhfuil clár chun na coinníollacha do chóineasú eacnamaíoch mar atá siad leagtha amach in Airteagal III-184 den Bhunreacht a chomhall.

5. Dearbhaíonn na Ballstáit a n-intinn lamháil níos mó solúbthachta a cheadú chun maoiniú ó na Cistí Struchtúracha a chionroinnt ar riachtanais shonracha nach bhfolaítear faoi rialacháin láithreacha na gCistí Struchtúracha.

6. Dearbhaíonn na Ballstáit a bhfonnmhaireacht leibhéil rannpháirtíochta an Aontais a mhodhnú i gcomhthéacs chláir agus thionscadail na gCistí Struchtúracha d'fhonn méaduithe iomarcacha i gcaiteachas buiséadach na mBallstát is lagrathúla a sheachaint.

7. Aithníonn na Ballstáit gur gá faireachán a dhéanamh go tráthrialta ar an dul chun cinn ionsar an gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a ghnóthú agus dearbhaíonn siad a bhfonnmhaireacht staidéar a dhéanamh ar gach beart is gá ina leith sin.

8. Dearbhaíonn na Ballstáit a n-intinn aird níos mó a thabhairt ar chumas ranníocaíochta na mBallstát leithleach sa chóras acmhainní dílse agus modhanna a scrúdú a cheartódh i gcás na mBallstát is lagrathúla eilimintí cúlchéimnitheacha atá sa chóras láithreach acmhainní dílse.